Nuachtlitir Ghaelscoil Ros Eo

22/11/21

Bailiúchán Airgid / Fundraiser

Ghléas na páistí suas ar an Aoine dheireanach roimh an mBriseadh meántéarma ar mhaithe le 'Trick or Treat for Temple Street'. Ar an lá, bhailíomar €290 ar son Ospidéil na bPáistí. Táimid fíor-bhuíoch as ucht na tacaíochta a thug sibh dúinn.

The students dressed up on the last Friday before the mid term break for 'Trick or Treat for Temple Street'. We collected €290 for Children's Hospital. Thank you all for your support for this worthy cause.

Seó Nollag / Christmas Show

Beidh na múinteoirí i ngach rang ag cur Seó Nollag ar fáil ar líne i mbliana. Tiocfaidh ríomhphost chugat roimh na Nollag leis an t-eolas go léir faoi na seónna ann. Beidh cúpla rang ag cur seó ar siúl agus cúpla rang ag cur ceolchoirme ar siúl. Seolfaidh an múinteoir ranga eolas faoi chulaith, script srl go luath.

Each class will record a small Christmas performance this year. It will be available online and you will receive an email with links and details for viewing shortly before Christmas. Some classes will be performing a small show and some a short concert. The class teacher will send details of costumes, scripts etc soon.

Glanadh ar an trá / Beach Clean Up

Chuaigh Rang a Sé ar thuras chuig an trá chun bruscar a bhailiú i rith Seachtain Eolaíochta. An cinéal bruscair is mó a bhailigh siad na gloine agus plaisteach. Go raibh maith agat Rush Tidy Town as an trealamh a thabhairt ar iasacht dúinn.

Rang a Sé did a beach clean during Science Week. The majority of litter collected was plastic and glass. A huge thank you to Rush Tidy Towns who lent us their clean up equipment.

Seachtain Eolaíochta / Science Week

Bhí Seachtain Eolaíochta ar siúl ón 8-12 Samhain. Rinne na páistí stáidéar ar Eolaithe cáiliúla agus rinneadar turgnaimh iontacha sna seomraí ranga. Thaitin an Táispéantas Turgnaimh go mór lena páistí agus chuir siad tréan-iarracht isteach iontu. Thaispeáin R2-6 dúinn iad sa halla ar an Déardaoin agus feicfidh sibh cuid dóibh ceangailte. Maith sibh uilig as ucht na turgnaimh den scoth a chur i láthair dúinn. Go raibh maith agaibh Múinteoir Diarmuid & Dearbhla as ucht é a eagrú.

It was Science week from 8th to the 12th of November. The students learned about famous scientists and did experiments in their classrooms. The children really enjoyed the Science Exhibition in the hall and a lot of hard work went into the experiments and presentations. Rang 2 - Rang a 6 presented as you can see in the pictures. Well done to all the children who took part for showing us your experiments! Thanks to Múinteoir Diarmuid & Dearbhla for organising.

Seachtain Mata/
Maths Week

Bhí Seachtain Mata ar siúl ón 18-22 Deireadh Fómhair. Bhí cuid mhór gníomhaíochtaí ann ar scoil idir cosán mata, cluichí mata agus tráth na gceist. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghábháil as an iarracht mór a rinne gach duine leis an Hata Mata. Bhí an taispeántas sa halla go hiontach ar fad! Go raibh maith agaibh Múinteoir Rachael P & Caitríona as ucht é a eagrú.

We took part in Maths Week from 18-22 October. There were many different activities organised from Maths trails to Maths games and quizzes. We would like to say a huge thank you and well done for the amazing efforts by everyone with the Hata Mata. They made for a great display in the hall! Thanks to Múinteoir Rachael P & Caitríona for organising.

Maratón na bPáistí /
Marathon Kids

Bhain Rang a Cúig agus Sé páirt i Maratón na bPáistí le hocht seachtaine anuas. Rith siad i ngach saghas aimsir agus chuir na páistí tréan-iarracht isteach sa dúshlán mór seo. Sa deireadh, ritheadar an méid céanna le Maratón iomlán, 42.1km. Comhghairdeas libh Rang a 5/6.

Rang a Cúig agus Sé took part in the Marathon kids initiative over the last 8 weeks. They put in a serious effort and ran without fail in all types of weather. By the end the children ran a full marathon, completely an unbelievable 42.1km challenge. Congratulations Rang a 5/6.

Dátaí Tábhachtacha / Important Dates

01/12	**Leathlá-páistí críochnaithe ag 11:30am / Half-day-students finish @11:30am**
13/12-17/12	**Seó na Nollag ag dul ar line /Christmas shows are online**
22/12	**Leathlá-páistí críochnaithe ag 11:30am / Half-day-students finish @11:30am**
23/12-05/01	**Laethanta Saoire na Nollag/ Christmas Holidays**
19/02-27/02	**Sos meántéarma / Mid-term break**

Message from NCCA	Teachtaireacht ón NCCA
Parents! Do you know that the Primary Curriculum is changing? What children learn and how children learn in primary school is changing. The proposed changes aim to enhance children's learning in school and provide for even more relevant and meaningful learning. You can find the proposals HERE. As a parent, it is important that you have a say in shaping your child's future learning. Consultation will close by the end of February 2022. Please take 8-10 minutes to tell us what you think HERE Want to know more? Visit our website www.ncca.ie/primary	A Thuismitheoirí! An bhfuil a fhios agaibh go bhfuil Curaclam na Bunscoile ag athrú? Tá na rudaí atá á bhfoghlaim ag páistí agus an dóigh a bhfoghlaimíonn siad ag athrú. Tá sé mar aidhm ag na hathruithe molta foghlaim na bpáistí ar scoil a fheabhsú agus deis foghlama níos ábhartha agus níos fiúntaí a thabhairt dóibh. Tiocfaidh tú ar na moltaí ANSEO. Tá sé tábhachtach go mbeadh deis agat mar thuismitheoir cur le foghlaim do pháiste amach anseo. Dúnfar an comhairliúchán faoi dheireadh mhí Feabhra 2022. Glac idir 8 agus 10 nóiméad chun do thuairimí a nochtadh dúinn ANSEO An bhfuil tuilleadh eolais uait? Téigh chuig ár suíomh gréasáin www.ncca.ie/bunscoil